# Cuir srian rem chorp, a Choimdhe

[McKenna, L.: *Aithdioghluim Dána* (Irish Texts Society, vols 37, 40, 1939/40), poem 81]

Tuileagna Ruadh Ó Maolchonaire cct.

1 Cuir srian rem chorp, a Choimdhe,
ós é as each dar n-anaimne;
m’each iomchuir ag triall le tal
do b’ioncuir srian dá seoladh.

2 Ní sbor iarraim don eachsain
do-chím nach é a huireasbhaidh;
triall do b’áil ar a haghaidh
srian as cáir dá connamhain.

3 Ní hé gach aonshrian fhoghnas
don each shanntach shiubhalbhras;
cóir gaillshrian do dhéinimh dhi
ler éirigh d’ainmhian innte.

4 Cuir aradhna don umhla
i srian an eich allmhurdha
- macnas ’n-a clí do chalcaigh -
bhacfas í dá hiomarcaidh.

5 Cuir don déirc do dhíon m’anma
ris an each mborb mbarbardha
go dtoirmisge a meanmain mhóir
ceannraigh ndoibhriste ndeargóir.

6 Cuir san srian, a mheic Mhuire,
béalbhach trom don trócuire
sdiuras is-teach tar a tail
an t-each le ciunas chrábhaidh.

7 Smeigiall d’aithrighe ghéir ghloin
cuir ceangailte don tsriansoin;
an iall gan chlaoine gan char
iadh gach taoibhe ’n-a tiomchal.

8 Má tá a Chríosd gur chuiris srian
rem each ar eagla a hainmhian
cia an neach dar dholta ar a druim
dá shocra each gan ughuim?

9 Díolait shocair do ghrádh ghlan
cuir a Dhé ar each na hanman;

do b’ionchuir dhuid ar a druim
cuid a hiomchuir don ughuim.

10 Cuir uirthe a rí [bhus] rí ar neamh
tiarach do dhóchas daingean,
ós tú an rí as cumhaing dá clódh;
ná tí dhí an ughuim d’iompódh.

11 Uchtach dot fhírinne féin
cuir uirthe, a uain an fhíréin,
ó tá do bhreith go bráth ort
bheith do ghnáth ag a giollacht.

12 Geis dí míréir a marcaigh;
teann fúithe, a Chríosd chomhachtaigh
- tuar gábhaidh a geasa sin -
creasa crábhaidh is creidimh.

13 Guais leamsa nach iontaoibh m’each,
gnáth an groigh oitir uaibhreach;
gníomh baoghail, a Dhé, a daibheart;
caomhain mé ar a marcaigheacht.

14 Bheith ar lár dí fa dheireadh
ós é a críoch go gcaithfeidhear
mairg ar a luigh an chlí chuil,
ní bhí achd ar muin a marcuigh.

15 Mian dí dul ar a haghaidh,
teann ise ar a haradhain;
mairg sliommarcach fhuair mar each
an truaill iomarcach uaibhreach.

16 Iarraim ort más í do thal
go dtí dhíot, a Dhé athar,
bheith id liaigh ar mo lotaibh
i ndiaidh an eich anshocair. Cuir.